

## Financial Guideline 2021/2022 – 08

### Community & Comprehensive Schools and Voluntary Secondary Schools

## Covid-19 Capitation Grant Funding for Term 1 2021/2022

### 1. Introduction

The Department of Education has issued notice to schools that Covid-19 Capitation grant funding for Term 1 of the 2021/22 school year will be issued before the end of September 2021.

### 2. Payments to Schools

Covid-19 Capitation grant payments will be calculated using the September 2020 enrolment numbers.

#### Grant Rates

Post -Primary	Rate per Pupil	
	Mainstream	Special Classes
Enhanced Cleaning	€11	€13.33
PPE	€32	€128
Enhanced Supervision	€35	€35

Illustrative examples of the values of these grants payable for schools of various sizes are set out below:

Value of Covid-19 Capitation Grants - Mainstream Rate - Term 1 21/22 School Year			
Pupil Enrolment	Cleaning	PPE	Supervision
Up to 200*	€2,200	€6,400	€7,000
400	€4,400	€12,800	€14,000
600	€6,600	€19,200	€21,000
800	€8,800	€25,600	€28,000
1600	€17,600	€51,200	€56,000

\*Note the grant paid to schools with an enrolment of equal to or less than 200 pupils is based on a minimum enrolment of 200 pupils.

Schools that are currently in the developing stage will have the additional supports calculated based on the projected enrolment for September 2021.

A template to calculate Covid-19 grant entitlements for Term 1 is available.

[Please click here for the template.](#)

### 3. Fee charging schools

Post-Primary Schools in the Fee Charging Sector whose application for Covid-19 capitation funding in 2020/21 was successful will automatically qualify for funding in Term 1 2021/22.

### 4. Utilisation of grants

- i. Schools may utilise funding provided across the range of grants to ensure adequate cash flow at certain times.
- ii. Income and expenditure **must continue** to be recorded in school accounts and attributed to the individual grants as appropriate.

A school must record the COVID grant income and expenditure in the accounting system using a department/division named COVID. The [FSSU chart of accounts](#) has designated codes for each COVID grant and schools should process the transactions to these codes.

See the following financial guidelines for further information on the utilisation of these grants:

- [48 - 2019/2020 COVID-19 operational supports for the full return to school](#)
- [50 - 2019/2020 Guidance on PPE, Consumables and Equipment & Update on Coding for recording COVID-19 Grants Income and Expenditure](#)  
(for Voluntary Secondary Schools)
- [51 - 2019/2020 Guidance on PPE, Consumables and Equipment & Update on Coding for recording COVID-19 Grants Income and Expenditure](#)  
(for Community & Comprehensive Schools)
- [52 - 2019/2020 COVID-19 Additional Supervision Arrangements for the 2020/21 School Year](#)

Schools are reminded to ensure that stocks are managed and procured appropriately to avoid overstocking of supplies. This is to ensure value for money is being achieved and to avoid wastage.

## 5. Unspent Covid-19 capitation related grants

### **School Year 2020/2021**

Any unspent Covid-19 Capitation related grants for the 2020/2021 School Year should be returned by schools to the Department's bank account by electronic funds transfer by 30th September 2021. See [Financial Guideline 2021/2022 – 01 Reminder: Return of Unspent Covid Capitation funding supports for the 2020/2021 school year](#) for further information.

**Please note the Department have clarified that schools can offset the overspend on one COVID Capitation Grant against the underspend on another COVID Capitation Grant. This arrangement does not include the Covid Minor Works Grant.**

### **School year 2021/2022**

Any unspent Covid-19 Capitation Grants related funding for 2021/2022 will have also have to be returned to the Department and details of the arrangements for this will be provided at a later stage.

Further queries on the notice may be directed to the Department by email at [covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie) or by phone at 057 9324461.

*Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.*

Tel: 01-269 0677  
info@fssu.ie

23rd September 2021

## Treoirlíne Airgeadais 2021/2022 – 08

### Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha

## Deontas Caipitíochta Covid-19, Maoiniú le haghaidh Théarma 1, 2021/2022

### 1. Réamhrá

Tá fógra eisithe ag an Roinn Oideachais do scoileanna go gcuirfear an maoiniú as Deontas Caipitíochta Covid-19 le haghaidh Théarma 1 i scoilbhliain 2021/22 ar fáil roimh dheireadh Mheán Fómhair 2021.

### 2. Íocaíochtaí do Scoileanna

Déanfar na híocaíochtaí as deontas caipitíochta Covid-19 a ríomh ar bhonn líon na ndaltaí a bhí cláraithe i Meán Fómhair 2020.

#### Rátaí Deontais

Iar-Bhunscoil	Ráta in aghaidh an Dalta	
	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta
Glanadh Feabhsaithe	€11	€13.33
PPE	€32	€128
Maoirseacht Fheabhsaithe	€35	€35

Leagtar amach thíos samplaí léiritheacha de luachanna na ndeontas iníochta sin do scoileanna a bhfuil méideanna éagsúla ag baint leo:

Luach Dheontais Chaipitíochta Covid-19 - Ráta Príomhshrutha - Téarma 1 Scoilbhliain 21/22			
Líon na nDaltaí ar an Rolla	Glantachán	PPE	Maoirseacht
<b>Suas le 200*</b>	€2,200	€6,400	€7,000
<b>400</b>	€4,400	€12,800	€14,000
<b>600</b>	€6,600	€19,200	€21,000
<b>800</b>	€8,800	€25,600	€28,000
<b>1600</b>	€17,600	€51,200	€56,000

\*Tabhair do d'aire, an deontas a íocfar le scoileanna a bhfuil 200 dalta nó níos lú ar a rolla, beidh sé bunaithe ar rollú íosta de 200 dalta.

I gcás scoileanna atá sa chéim forbartha faoi láthair, déanfar na tacaíochtaí breise dóibh siúd a ríomh bunaithe ar an líon measta daltaí ar an rolla le haghaidh Mheán Fómhair 2021.

Tá teimpléad ar fáil chun teidlíochtaí dheontais Covid-19 le haghaidh Théarma 1 a ríomh. [Clliceáil anseo don teimpléad.](#)

### 3. Scoileanna ag a bhfuil táillí

Aon iar-bhunscoileanna san Earnáil Táillí ar éirigh lena n-iarratais ar mhaoiniú caipitíochta Covid-19 in 2020/21, beidh siad incháilithe go huathoibríoch le haghaidh maoinithe i dThéarma 1, 2021/22.

### 4. Úsáid deontas

- i. Féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as an maoiniú a chuirfear ar fáil ar fud réimse na ndeontas lena chinntiú go mbeidh sreabhadh airgid dóthanach ann in amanna áirithe.
- ii. **Ní mór leanúint** d'ioncam agus caiteachas a thaifeadadh i gcuntais na scoile agus a shannadh mar is cúí do na deontais aonair.

Is gá do scoil leas a bhaint as rannóg/rannán darb ainm COVID le hioncam agus caiteachas COVID a thaifeadadh sa chóras cuntais. Tá cóid ainmnithe [i gcairt na gcuntas atá ag FSSU](#) ar gach deontas COVID agus ba chóir do scoileanna na hidirbhearta a phróiseáil chuig na cóid sin.

Féach na treoirínte airgeadais seo a leanas chun tuilleadh eolais a fháil faoi úsáid na ndeontas seo:

- [48 - 2019/2020 COVID-19 tacaíochtaí oibriúcháin COVID-48 don fhilleadh iomlán ar an scoil](#)
- [50 - 2019/2020 Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta, Tomhaltáin agus Trealamh & Eolas Nuashonraithe maidir leis na Cóid atá le húsáid chun Ioncam agus Caiteachas Dheontais COVID-19 a thaifeadadh](#)  
(le haghaidh Meánscoileanna Deonacha)
- [51 - 2019/2020 Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta, Tomhaltáin agus Trealamh & Eolas Nuashonraithe maidir leis na Cóid atá le húsáid chun Ioncam agus Caiteachas Dheontais COVID-19 a thaifeadadh](#)  
(le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha)
- [52 - 2019/2020 COVID-19 Socruithe Maoirseachta Breise don Scoilbhliain 2020/21](#)

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach mór dóibh a chinntiú go mbainistear agus go soláthraíonn go cuí ionas nach mbeidh barraíocht soláthairtí ann. Cinnteoidh sin go mbeidh luach ar airgead i gceist agus nach gcuirfear aon rud amú.

## **5. Deontais Covid-19 gan caitheamh a bhaineann le caipitíocht**

### **Scoilbhliain 2020/2021**

Aon deontais gan caitheamh i dtaca le Caipitíocht Covid-19 don scoilbhliain 2020/2021, ba cheart do scoileanna iad a chur ar ais i gcuntas bainc na Roinne trí ríomhaistriú airgid faoin 30 Meán Fómhair 2021. Féach [Treoirlíne Airgeadais 2021/2022 – Meabhrúchán 01: Tacaíochtaí maoinithe caipitíochta Covid nár caitheadh sa scoilbhliain 2020/2021 a thabhairt ar ais](#) le tuilleadh eolais a fháil.

**Tabhair do d'aire go bhfuil sé soiléirithe ag an Roinn go bhféadfaidh scoileanna an róchaitheamh ar aon Deontas Caipitíochta COVID-19 amháin a fhritháireamh i gcoinne an tearc-chaitimh ar Dheontas Caipitíochta COVID-19 eile. Níl Deontas Mionoibreacha Covid-19 á chur san áireamh sa socrú sin.**

### **Scoilbhliain 2021/2022**

Maidir le haon mhaoiniú a bhaineann le Deontais Chaipitíochta Covid-19 le haghaidh 2021/2022 agus nach gcaithfear, caitheamh iad sin a chur ar ais chun na Roinne fosta. Cuirfear mionsonraí na socrúithe ina thaobh sin ar fáil níos faide anonn.

Is féidir ceisteanna eile maidir leis an bhfógra a sheoladh chun na Roinne ar an ríomhphost chuig: [covid19\\_alert@education.gov.ie](mailto:covid19_alert@education.gov.ie) nó ar an teileafón ar 057 9324461.

*Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.*

Guthán: 01-269 0677  
[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

*An 22 Meán Fómhair 2021*